[LBr:] Magnus dominus noster et magna virtus ejus et sapientiae ejus non est numerus. Is uasal ocus is adamra in coimdiu, is mor ocus is machtnaigthi a *ner*t ocus a chumachtu, nis fil crich ná uimir for immud a ecna ná a moreolais. Suscipiens mansuetos dominus humiliat hautem peccatores usque ad terram. Tócuirid din in coimdid chuice dócumm nime lucht na derci ocus na trocaire ocus na cendsa ocus na condircle. Toirb*iri*d tra ocus trascraid dócum talm*an* ocus i*f*i*r*n comthinól n-étarbach na m*a*c mallachtan. In spir*ut noeb*, in spir*ut* otá c*e*c*h* cómdignad ocus c*e*c*h* comairli don ecl*ais* cechtarda phet*ar*laicthi ocus núfiadn*ais*e, is e in spir*ut* sin ro inṡorch*ed* dána ocus derritiusa na n-dlig*ed* n-diada don ecl*ais*, cr̄e (*sic*) fon uli domun, is e in spir*ut* sin do rínfid na br*iathr*a sa triasin rigfáith, i. D*auid* mac Iesé conāp (*sic*): Magnus dominus noster. Is mor ocus is adbul ar tig*er*na-ne, in coimdiu Ísu Cr*ist*, i. e. nemo potest ei dignam laudem afferre. Is inand ón ocus ni thic do neoch molad is imchub*aid* fris do dénum dó. Major est omni laude virtus qua condidit naturam rerum et sustinet mol*em* gravem terram. Ár do roisce c*e*c*h* molad him n*er*t ocus im chumachtu comṡuth*ain* ór thuismestar aicned na n-dúl ocus ic fulang mét ocus trumma na talman cenach cúmscanug*ud* foraib. Et sapientiae ejus non est numerus i. e. pater cognoscit qualitatem omnium rerum. Is immda fis ocus eolus in choimded, is inund ón ocus cid at imda ocus cid at ecsamla na dúli, ní fil inntib ní no beth i n-anfollsi dó. Suscipiens mansuetos dominus i. e.

---

31 inanfhollsus *LBr*.

[LU:]

censai ocus na connircle; tairbirid im*morro* ocus trascraid dochum n-iffir*n*d comtinól n-écraibdech n-étarbach na m*ac* mallachtan. Arfuirid derritussa ocus focraice écsamla nimi dona b*en*nachtnachaib, ocus tairbirid illatu pían n-ecsamail dona m*ac*caib bais.

2 iffird *LU.*

[LBr:]

humiles ad himaginem Dei legi non adversantes. Aurfoemaid in coimdiu chuci ina múinterus na cáinduthrachtaig ocus na cendsai. F*e*rend sin choimetait ínntib do g*res* cosmailius ocus hímáigin Dé ocus na tecait i n-agaid in rechta atharda. Humiliat hautem peccatores i. est solos mansuetis contrarios scilicet immites, et ad promerendum scripturarum intellectum mansuetudinem carentes. Deroilid din ocus toirnid na pecdachu. In f*e*rend ón áirithe ata cotarsna dona cendsaib ocus fora m-benand a n-étroc*air*e ocus a n-ecendsa tuicsin n-inmedonaigi na scriptuire nóibe. Usque ad terram i. est usque ad sapientiam terrenarum vel usque ad sensus carnis. Co tal*main* nos trascair, is inand ón ocus cusind ecnai n-domunda *no* cusna cétfadaib. Si igitur mansuetos i. est mites bona domini in terra vivendum possessuros esse certum est, quid aliud peccatores isti i. est immites et non mansueti qui eis contrarii sunt nisi sempiterna supplicia in generibus suis possidebunt i. Masa erdálta iarom immad na fochraice nemdai dona cendsaib ocus dona coindirclech*aib*, cid aile bias dona hecendsaib ocus dona hécraibdechu ocus dona hetrocairib (p. 254ª:) acht immad anbthine na peni suthaine iar n-er*n*ailib ecsaml*aib*.

5 di legi n̄ adsantes *LBr. Die lateinischen Wörter in diesem Stücke sind zum Theil arg verstümmelt.*

10 solus mansuetos contrarios scil. imites *LBr.*

19 Si i g .... vívend*um* posesurores ee̅ .... himites .... qui es contrari .... gr̄ibus s̄s posidebt. *LBr.*

[LU:]

2. Sochaidi trá do næbaib ocus d'fírenaib in comded na n-dúla ocus d'apstalaib ocus desciplaib Isu Crist, día ro faillsigtheá rúine ocus derritiusa flatha nimi fón cumma sin ocus fochraice fororda na firen, ocus dan día ro faillsigtheá píana écsamla iffrind cosnafíb filet intib. Ro foillsiged ém do Phetar apstal ind long cethararddidi do leced do nim, ocus cethri suanimain esti, binnithir cach ceól a éstecht. Conúargabad dan Pól apstal cosin tres nem, co cúala briathra diasnéte na n-aingel ocus imacallaim n-adamraigthe muintiri nimi. Ructha dan beos ind apstail uli illó estechta Muri, co n-accatár píana ocus todérnama trúaga na n-dáine n-anfechtnach, día ro forcoingair in comdiu for ainglib ind fuinid oslocud in talman ríasna apstalu, co ro fégtáis ocus co ro innithmigtís hifernd cona ilphíanaib, amal do rairgert-som fessin dóib anísin ré cían rena chésad.

3. Ro faillsiged dan fó deóid do Adamnán u Thiune,

14 hifferd *LU.* 15 chésat *LU.*

[LBr:]

2. Sochaide tra do noemaib ocus do fírenaib ocus do desciplib in choimded Ísu Crist, dia ro foillsigthea rúni ocus derritiusai muintire nime fón cuma sin ocus focraice forordai na fírén, ocus din dia ro follsigthea piana ecsamlu ifirn cusnafiib filet indib. Ro follsiged em do Phetur apstul in long cetharardide don riched do nim dochum talman co cethri suainemnu esti, ocus binde cech ceol a hestecht. Conuargabud Pol apstal cusin tres nem, co cuala briathra diasneti na n-aingel ocus imacallaim adamra muintire nime. Ructha din beos in dá apstal déc illóo etsechta Muire, co n-acutar piana ocus todernuma truaga na n-anfíren, dia ro forcongair in coimdiu for ainglib in funid eroslucad in talman ria na apstalu, co ro fégtais ocus co ro migtís (*sic*) ifern cona hilpianaib, amal do rairngert-som fessin doib innísin gar rena chésad.

3. Ro foillsig din iarsin do Adamnan hu Thinde, do ardec-

[LU:]
do ardecnaid íarthair domain, labairthir sund, día ro escomla a anim asa churp hi feil Iohain Baptist, ocus día rucad dochum richid co n-ainglib nimi ocus iffrind cona dæscorslúag. O ro scar íarom ind anim frisin corp, ro arthraig fo chétóir di aingel a comáitechta céin bai hi colaind, ocus ros fuc leis ar thús do fegad flatha nimi.

4. Issí dan cétna tír coso-rancatár, tír na næb. Tir sutach solusta iarom in tír sin. Airechta écsamla inganta and co caslaib lín gil' impu, co culpaitib glegelaib úasa cennaib. Naim airthir in (p. 27b:) domain ina n-airiucht fo leith i n-airthiur thiri na næm. Naim iarthair in domain dan i n-iarthur in tire cetna. Naim thuascirt in domain dan ocus a descirt ina n-dib n-airechtaib dermáraib tess ocus tuaid. Cach oen iarom fil i tír ina næb, is comfocus do estecht inna ceól ocus innithmigud inna luinge hi failet *nói* n-grád nime iarna cémennaib ocus iarna n-urd.

[LBr:]
naid iarthair domain, inní pritchaithir súnd, dia ro escomla a ainimm asa churp hi feil Eoin bauptaist, ocus dia rucad dócum richid co n-ainglib nime ocus iffirn cona doescursluag. O ro scar a animm Adamnáin ria chorp, ro artraig fo cetoir dó aingel a choemteachta cein bói i colaind, co ruc lais for tús d'athascnam flatha nime.

4. Is e din cetna tír cusa rancatar, i. tír na noem. Tír suthach solusta tra in tír sin. Oirechta ecsamla inganta and co casraib lín gil immpu, co culpatib glégela uasa cendaib. Nóim oirthir domain i n-oirecht fó leith i n-oirthur tíre na noem. Nóim iarthair domain i n-iarthur in tíre cetna. Noim tuaiscirt ocus deiscirt in domain andib oirechtaib dermairib tess ocus tuaid. Cech noem iarom fil i tír na noem, is comfocus éstecht na ceol ocus indethmiugud na luinge i filet nói n-graid nime iar ceimendaib ocus iar n-urd.

[LU:]

5. Indara fecht da*n* dona næbaib canait ceol n-adamra oc molad Dé, in fecht n-aill con tuaset fri ceol muintire nime, ar ní recat a les ind naim ní aile acht éstecht in ceoil risa coistet, ocus innithmigud inna soilse addecet, ocus a sásad don boltnogud fil is tir. Atá flaith adamra da*n* fri gnúis do gnúis dóib úathib særdes, ocus fíal glainide etarro ocus erdam orda fris anes. Is trít-s*ede* immaiccet som fúath ocus foscugud muintire nime. Ni fil im*morro* fíal no temel et*er* mu*ntir* nime ocus inna nóemu, acht itat i foilse ocus i frecnarcus dóib illeth friu-som dog*rés*. Circull tentide da*n* imón tír sin imma cuaird ocus cách ind ocus ass ocus ni erchótigend.

6. Na da aps*tal* déc im*morro*, ocus Maire óg ingen ina haireocht fó leith imón comdid *cu*machtach. Uasalathraig ocus fáde ocus descipuil Isu i comfocus dona aps*talaib*. Atát da*n* araile nóemógu do deis Maire ocus ré nách cían etarro.

---

6 dogní*us* *LU.*

[LBr:]

5. Indara tan din dona noemaib canait ceol n-adámru oc molad Dé, in fe*acht* n-aill con tuaiset fri ceol múint*iri* nime, ár ni adilcniget na nóim oní aile acht este*acht* in cheoil riasa coistet, ocus indethmiúgud na sollsi itchiat, ocus a sásad don boltanugud fil isin tír sin. Ata din flaith adamrai for gnúis doib uadib sairdess. Fial glonide et*ur*ru ocus erdad órdai fris aness, ocus trit-side imanaicet-sum delba ocus foscud muintire nime. Ni fil *imorro nách* temel it*ir* múintir nime ocus na noemu, acht atát í follsi ocus i frecnarcus doib illeth friu-som do g*res*. Circill tentide din imo (*sic*) múintir sin ba cuairt, cách ind ocus ass ocus ni erchotig do neoch díb.

6. In dí aps*tal* dec ocus Muri óg i n-oirecht foleith imon coimdid cumachtach. Uasalathraig ocus fátha ocus descip*uil* Ísu Cri*st* i comfocus dona haps*tal*aib. At*at* din nóemoga do dheis Muire ocus re m-bic et*ar*ru. Nóidin tra ocus ma*c*oemu impu da *cech* aird ocus ceol enlathi m*uintir*i nime

[LU:]
Nóidin ocus maccáim impu do cach aird, ocus ceól enlathe muintire nime oca n-airfitiud. Buidne ana do ainglib coimthechta inna n-anmand oc umallóit ocus oc timthirecht eter na hairichtaib sin i fíadnaisi ind ríg dogrés. Ni chumaic thra nech isin bith frecnairc-sea túarascbail *no* innisin inna n-airecht sin, amal itát iar fír. Na buidne ocus na hairechta dan fili i tír na næb, amal ro radsem, bid at marthanaig isin morgloir sin co mordail bratha, co ros coraigea in brithem firén illathe ind fugill isna sostaib ocus isna inadaib i m-bíat oc déscin gnússe Dé cen fial cen forscáth etarru tria bithu na m-betha.

7. Cid mór imorro ocus cid adbul in taitnem ocus in t-soilse fil i tír na næm, amal ro rádsem, is aidbliu fo mile ind etrochta fil immaig muintire nime im rigsuide in comded fessin. Is amlaid iarom atá in rigsudi sin inna chathair chumtachta co cethri colomnaib do liic logmair foi. Cén co

---

[LBr:]
ica n-oirfited do gres. Búidne ána athluma do ainglib coemthechta inna n-anmand ic umaloit ocus oc timthirecht itir na hoirechtu sin i fiadnaise in rig do gres. Ni chumaic tra nech for bith tuaruscbail na aisnés na n-oirecht sin, amal atat iar fír. Na búidne ocus na hoirechtu tra filet a tír na noem amal atchuadmar, bíd at marthanaig isin glóir sin co mordáil bratha, conas coraigea in fírbrithem do ló in fuigill isna sostaib i m-biat oc decsiu (*sic*) gnúsi Dé cen fíal etarru do gres.

7. Cid mór *immorro* ocus cid adbul in taitnem ocus in t-sollsi fil i tír na nóem, amal atcuadmar, is áidbli fo míle in etrochta fil immuig muntiri nime im rígšudi in choimded fesin. Is amlaid tra ata in rigšudi sin ina chathair cumdachta co cetri colamnu do lícc lógmair fói. Ocus cen co beth d'oirfited do nech acht coicetul comchubaid na colamun

[LU:]
beth dan d'airfiteod do neoch acht cocetul comchubaid na cethri coloman sin, ro (p. 28a:) pad lor do glóir ocus d'aibnius do. Tri eóin aregda imorro isin chathair i fiadnaise ind ríg, ocus a menma ina n-dulemain tria bithu, issé sin a n-dan. Celebrait dan na ocht trath oc molad ocus oc adamrugud in coimded co claischétol aircaingel oc tiachtain fói. O na henaib iarom ocus ona harcainglib tinscetal in cheóil, ocus nos frecrat iarsin muinter nime ule eter nóemu ocus nóemóga.

8. Stúag dermár dan os chind ind ordnide ina chatháir rigdai amal cathbarr cumtachta no mind ríg. Día nos faictis roisc doenna, no legfaitís fo chétóir. Tri cressa ina mórthimchell etarro ocus in slúag, ocus ni fes la túaraiscbáil cid atas comnaic. Sé míle do míledaib co n-delbaib ech ocus én imon cathéir tentide for lassad cen crích cen forcend.

9. Aisneis iarom in comded cumachtaig fil isind rigsuidi sin, ní thic do neoch acht mád doneth féin, no mani ebrad

---

[LBr:]
sin, ro bad lór do glóir ocus d'óibnius dó. Tri héoin oiregdu immorro isin catraig i fiadnaise in rig, ocus a menma ina n-duilemain tria bithu, is e sin a n-dán do gres. Celebrait tra na hocht tratha ic molad ocus oc adamrugud in choimded co claiscetul archaingel ic tidacht doib fói. O na hénaib tra ocus o na harchainglib tindscetul in céoil, ocus nos frecrat munter nime uli itir noemu ocus noemóga iarsin.

8. Stuag dermáir tra ós cind in ordnigi ina chathair rígda, amal cathbarr cúmdachtu no amal mínd rigda. Dia nos aictís ruisc doennai, no legfatís fo cetoir. Tri cressa ina morthímchell eturru ocus in slóg, ocus ni fess la tuaruscbail cid atuscómnaic. Sé míle do míleduib co n-delbu ech ocus én imon cathair tentidi for lassad cen crich cen forcend.

9. A aisnes tra in choimded cumachtaig fil isin rígsudi sin, ní thic do neoch acht mine dernad fen no mine erbrad

[LU:]
fri grádaib nime. Ar ní innisfea nech a bruth ocus a bríg, a derge ocus a rofoillsi, a anius ocus a aibnius, a chumlacht ocus a chobsaidecht, imad a aingel ocus a árchaingel oc cantain chiúil dó. A thechtairi roimdai chuci ocus úad co n-athescaib roch*u*mrib do cach budin ar úair, a mine ocus a rochendsa fri arailib, a ainmíne ocus a roacairbe fri lucht aile díb.

10. Día m-bé nech occá sirfegad imme anair ocus aníar, anes ocus atúaid, fogéba do cech leith aci agid n-airegda, soillsithir fó secht anda grían. Ní aicfea da*n* delb n-dune fair do chind *no* coiss, acht na dlúim thentide for lassad fón m-bith, ocus cách for crith ocus for úamain remi. Is lomnán día soilse nem ocus tal*am* ocus ruthen am*al* rétlaind ríg ina mórthimcell. Tri míle cheól n-écsamail cecha óenclaisse fil oc classchétol imme. Binnithir ilcheólu in domain cach óen cheól fo leith dib-s*ed*e fessin.

[LBr:]
fri grádu nime. Ar ni indisfed nech *aile* a bruth, a bríg, a dérc, a roṡóllsi, a ainius, a aibnius, a chunnlacht, a chobsaidecht, ocus immad a aingel ocus a archaingel ocantain cheoil dó. A thimthirid roimdai chuci ocus uada co n-athescu cumri da cech budin arnuair, a míne ocus a morchennsa fri aroilib, a anmíne ocus a agarbi fri lucht aile dib.

10. Dia m-be nech ica ḟegad imme anoir ocus aniar, aness ocus (p. 254^{b}:) atuaid, fógeba dá *cech* leth a agaid n-oiregdai, soillsi fo *secht* oltas grian. Ni ḟaicfe tra deilb n-duinide fair do chind *no* coiss, acht ina dlúim deirg thentide for lassad fon m-bith ocus cach for crith ocus uamun remi. Is lán da sóllsi nem ocus tal*am* ocus ruithen am*al* rédlaind rigdai ina mortimchell. Tri m*ile* ceol n-ecsam*ail* c*ech* oen classach fil oc claisc*et*ul imme, ocus binnith*ir* ilcheolu domain c*ech* ceol fo leith dib-side.

[LU:]

11. In cathir íarom ina fail in rígsudi sin, is amlaid atá, ocus *secht* múir glainide co n-dathaib écsamlaib ina thimcell, airdiu cach múr araile. Lebend im*morro* ocus fond inichtarach na cathrach di glain gil atacomnaic co n-gné gré*ne* fair iarna brechtrad di gurm ocus chorcra ocus úani ocus cacha datha archena.

12. Muinter bláith romín rochennais dan cen esbaid nácha mathiusa foraib, is iat aittrebait in cathraig sin. Ar nís rochet ocus nís aitrebat do grés acht nóemóig *no* ailitrig dútrachtacha do Dia. A n-ecor im*morro* ocus a corugud, is dolig a fiss cinnas forcémnacair, ar ní fil druim neich díb *no* a slis fri áraili, acht is (p. 28^{b}:) amlaid ros córaig ocus ros comét cumachta díasnéte in chomded, gnúis fri gnúis ina srethaib ocus ina corónib comardaib mórthimchell ind rígsuide immá cuaird co n-ánius ocus co n-áibinnius ocus a n-aiged ule fri Día.

13. Crand caingil di glain eter cach dá claiss co cumtuch

[LBr:]

11. In chathair iarom ina fil in rigsudi sin, is amlaid ata, ocus *secht* múir gloinide co n-dathaib ecsamlaib ina timcell, ardiu cech múr araile. Lébend *immorro* ocus fond inichtarach do gloin gil atacomnaic co n-gné grene fair.

12. Múinter romín rochendais din cen esbuid nach maithiusa forru aittrebus in catraig sin. Ar nis inaitcet ocus nis aittrebat in catraig sin do gres, acht nóim *no* ailitrig *no* aitrigig dúthrachtaig do Dia. A n-ecor *immorro* ocus a n-ordugud, is dolig a fis cindus forcoemnacar, ar ni fil druimm *no* sliss neich dib fri aroli, acht is amlaid ron coraig ocus ron coimet cumachtu diasnethi in choimded gnúis fri gnúis ina srethaib ina corónib comardu immortímchell in rigsudi bá cuairt co n-áinius ocus óibnius ocus a n-aiged uli fri Dia.

13. Crand caingil do gloin itir cech dá clasaig có cum-

[LU:]
derscaigtech dergóir ocus argit fair, co srethaib sainemla di liic lógmair ocus co m-brechtrad gem n-écsamail ocus co cathairib ocus chorónib carrmocail forsna crunnu caingil sin. Tri leca logmara dan co fogur bláith, ocus co m-binne cheóil eter cach da primairecht ocus allethe úachtarcha ina lócharnaib for lassad. Secht míle aingel i n-delbaib primcainnel oc soilsigud ocus oc inorchugud inna catrach má cúaird, *secht* míle aile ina certmedón oc lassad tría bithu sír imón cathraig rígdai. Fir domain i n-óen bale, cid at línmair, nos fórfed do biud boltnogud cind óenchainle dina cainlib sin.

14. Do neoch trá do dáinib in domain nád rochet in cathraig sin asa m-bíu ocus dianid érdalta a haittreb iar fugiull brátha, is intib airbirit co anbsaid ocus co utmall i n-dindgnaib ocus i cnocaib, i sescnib ocus irrotaigib a n-aitreba, co tí chucu bráth.

Is amlaid dan atát na slóig sin ocus na hairechta, ocus

[LBr:]
dach derscaigtech arcait ocus óir fair. Teora lega lógmara din co fogur m-blaith ocus co m-binde ceoil itir cech da prímoirecht ocus allethi uachtaracha ina locharnaib for lasad. *Secht* míle aingel i n-delbaib primchoindel ic sollsiugud ocus oc insorchugud inna catrach bá cuairt, *secht* míle aile ina certmedón oc lassad tria bithu sír imon rigchathair. Fir domain i n-oen bali, cid at línmara, nos foirfed do bíud boltnugud chínd oenchondli dona condlib sin.

14. Do neoch tra do dóinib domain nat roichet in catraig sin asa m-bíu ocus dianad erdalta a haittreb iar fuigell bratha, is inntib airbirit cho anbsaid ocus co hutmall i n-dingnaib ocus i cnoccaib, i sescnib ocus irrotaigib a n-aittreba, co tí bráth.

Is amlaid din atat na sloig sin ocus na hoirechta, ocus aingel coemtechta cecha hænanma fil inntib oc umaloit ocus

[LU:]
aingel comimtechta cacha hóenanma fil indib oc umallóit ocus timthirecht di. Fíal tened ocus fíal d'aigriud i prímdorus inna cathrac inna fíadnaisse, ocus siat i comthúarcain cind ar cind tria bithu. Fogur ocus fúamand dan na fial sin oc comríachtain atcluinter fón m-bith. Síl n-Ádaim, dia cluintis in fogur sin, nos gebad ule crith ocus úamun dofulachta remi. Itorsig thrá ocus it búadartha na pecdaig ocond fogur sin. Mád illeth immorro fri muintir nimi, ní cluinter din gárbthoraind sin acht lanbec do ráith, ocus binnithir cach ceól atacomnaic.

15. Is adbul íarom ocus is ingnad fria innisin sudigud inna catrach sin, ar is bec di mór aní ro innisemár dia hordaib écsamlaib ocus dia ingantaib.

Is andam trá lasin n-anmain iar comgnáis ocus comattrib na colla cona súan ocus cona sádaile ocus cona sáirc, cona sóinmige insaigid ocus dula co rígsuide in dúleman, acht mani dig le heolchu aingel, ar is docomail drém na *secht* nime, ar

---

[LBr:]
oc timthirecht di. Fial tened ocus fial óigrid i primdorus na catrach ina fiadnaise oc comriachtain ocus oc comthuarcain cind ar chind tria bithu sír. Fogur din ocus fuaimm na fial sin itclúinter fon m-bith. Sil n-Adaim, dia cluntís in fogar sin, nos gébad uile crith ocus oman dofulachta reme. It toirsig ocus it buaidertha din na pecdaig icon fogur sin. Mad illeth immorro fri múintir nime, ni cluinter don garbthoraind sin acht bec nammá, ocus bindithir cech ceol ata comnaic.

15. Is adbul iarom ocus is ingnad ré indisi (*sic*) súidiugud na catrach, ar is bec do mor inni itchuadumar dia hordaib ecsamla ocus dia hingantaib.

Is annam tra lasin anmain iar comgnáis ocus comaittreb na colla cona suan ocus cona sóinmigi ocus cona sadaile athascnum co rigsuide in duileman, acht mene dig la heolchu

[LU:]

ní assu nachai araili dib. Ar itát *se* dorais chóemtechta ar cind in chiniuda dóenna corrice in ríched. Ro sudiged dan dorsioir ocus cométaid o muintir nimi do forcomét cach dorais díb. Dorus iarom ind nime as nesu ille, is fair ro sudiged Míchél arcaingel ocus di óig ina farrad co flescaib iarnaidib (p. 29a:) ina n-ochtaib do sroigled ocus d'esorcain na pecthach, co comraicet iarom andsin na pecdaig fri cétglífit ocus fri cétchesad na conaire cengait (i. tiagait).

16. Dorus im*morro* ind nime tan*aisi*, Aríel arcaingel as chometaid dó, ocus di oig inna farrad co sroiglib tentidib i n-allamaib; is dib-*sed*e sraiglit na pecdachu dar a n-gnússib ocus dar a roscaib. Ro sudiged dan sruth tentide co forlasair fair i fíadnaisc in dorais sin. Abersetus dan ainm aingil ingaire in t-srotha sin derbas ocus niges anmand na náem din chutr*u*mma chinad nos lenand, corroichet comglaine ocus

---

[LBr:]

aingel, ar is drong doccumail dréimm na *secht* nime, ar ni hassa nachai aroile dib. Atat *sé* dorais choemtechta for cind in chinedu dóenna cusin riched. Ro suidiged tra cometaïd ocus doirseoir o múntir nime d'forcomét c*ech* dorais díb-sin. Dorus tra in nime as nessu ille, is fair ro suidiged Mícahel archaingel ocus dí óig ina fail co flescaib iarn*aide* ina n-ochtaib do sroiglead ocus esorcain na pecdach, co comraicet din andsin na pecdaig fri c*e*taidber ocus fri c*e*tchesad na conaire chengait.

16. Dorus tra in nime tan*aise*, Urihel archaingel is cométaid dó, ocus dí óig ina fail co sraiglib tentidib ina lámaib leo; ocus is díb-side sraiglit m*a*ccu báis dar a n-gnúsib ocus roscaib. Ro suidiged din sruth tentidi co forlasair fair i fiadnaise in dorais sin. Abersetus din aingel coemthechta ocus coméda in t-srotha. Is e in sruth sin d*e*rbus ocus niges anmunna na noem don chutr*u*ma chinad nos lenand, co roichet

[LU:]
comsoillse fri etrochta rétland. Ro sudiged dan andsin topor taitnemach co m-bláthe ocus boltonugud do glanad ocus dídnad anmand inna fíren. Ingrinnid immorro ocus loscid anmand na pectach, ocus ní dingaib ní dib, acht is tuilled péne ocus pennaite ros ic and. Frisócbat iarom assin na pecdaig co m-brón ocus dubu dermar, na fíréoin iarom co subu ocus forbélti co dorus in tres nimi.

17. Sornd tentide dan for lassad do gréss andsede. Dá míle déc cubat, iss *ed* ro soich a lassar i n-ardde. Tíagait dan anmand na fíren triasin sornd sin la brafad súla. Ergorid immorro ocus loscid and anmand na pecthach co cend dá bliadan déc, conos beir iarsin aingel in cóimthechta cosin cetramad n-dorus. Is amlaid dan atá dorus inotachta in chetramad nime ocus sruth tentide oc á thimchell amal in sruth remoind. Timchellaid dan múr for lassad, lethet a thened fri dá míle déc cubat tomsithir. Cengait immorro an-

---

[LBr:]
cómglaine ocus comsollsi fri hetrochta redland. Ro súidiged din andsin topur taitnemach co m-bláthi ocus co m-boltnugud do díunach ocus do nige anmand na firian. Ingrennid *immorro* ocus loiscid anmanna na pecdach, ocus nis digaib ni díb, acht is tuilled péine ros ta and. Frisócbat iarom na pecdaig assein co m-brón ocus duba dermair, ind fírcoin *immorro* co súba ocus failti co dorus in tres nime.

17. Sornd tened din forlassad annside do gres. Da mile déc cubat, iss *ed* ro soich a lassar a n-airde. Tiagait din anmanna na firian tresin sorn sin la brafud sula. Érfuirgit *immorro* and anmanda na pecdach co cend da bliadan déc, conas beir iarsin aingel in coemthechta cusin cetramad dorus. Is amlaid din ata dorus innotachta in chethrumad nime ocus sruth téntide occa airchell amal in sruth remaind. Donoirchell din múr luaidi for lassad and, ocus lethet a thened fri da mile déc cubat tomsithir. Con cengait *immorro* anmand

[LU:]
mand inna fírén taris, am*al* na beth et*ir*, ocus fastóid anmand inna pectach fri ré da blia*dan* dec i tróge ocus i todernam, conos b*eir* aingel in cóemtechta co dorus in chúced nime.

18. Sruth tentide beos and and*sed*e, acht is écsamail hé frisna srotha aile, ar itá sóebchore sainrædach immedon in t-srotha sin, ocus impáid immá cuaird anmand inna pecthach ocus nos fastand co cend se m-blia*dan* déc. Ro soichet im*morro* ind fíréoin tairis fo chétóir cennach furech. In tan iarom as mithig túaslucud inna pecthach ass, b*en*aid in t-aingel in sruth co fleisc dúir co n-ainciud lecdu, co tócband inna anmand súas do chind na flesci. B*er*id da*n* Míchél iarsin (p. 29^{b}:) na anmand co dorus in t-sess*ed* nime. Ní armith*er* im*morro* pían *no* thod*er*nam dona anmannaib isin dorus sin, acht forosnait*er* and o soillse ocus o etrochta líac logmar. Ro soich da*n* Míchél iarsin co aingel na trinóite, co taisfenat díb linaib in n-anmain i fiadnaise De.

[LBr:]
na fírian tairis, am*al* na beth ann it*ir*, ocus astaid anmand na pecdach fri ré da blia*dan* déc i tróigi ocus i todérnam mor, conus b*eir* aingel in choemtechta co dorus in *coic*ed nime.

18. Sruth tentide beos and side, acht is ecsamail he fris na srotha *aile*, ar ata sæbchoiri saindriudach immedon in t-srotha sin, co n-impaid bá cuairt anmand na pecdach ocus conus astand co cend *sé* m-bl*iadan dec*. Saigit *immorro* na fíreóin tairis cen fuirech. In tan tra is mithig tuaslu*cud* na pecdach ass, benaid in t-aingel in sruth co fleisc n-dúir (p. 255^{a}:) co n-aicniud leomain, co tocaib ina hanmand suas do chind na flesci. B*er*id tra Mícahel na hanmand do dorus in t-sess*ed* nime, ocus ni hairmith*er* din pian na todernum do anmandaib isin dorus sin, acht forosnaither and o soillsi ocus o étrochta léc lógmar. Ro soich tra Mícahel iarsin co haingel na trinóti, co taisselbait díb línib in anmain i fiadn*aise* in duilemun.

[LU:]

19. Is adbul trá ocus is dírim failte muint*ir*e nime ocus in comded fessin frisin n-anmain in tan sin, mád anim ennac firen hí. Mad anfírén im*morro* ocus mád anforbthe ind anim, fogeib anmine, ocus acairbe ón chomdid ch*u*machtach. Ocus atb*eir* fri aingliu nimi: Tarrgid lib, a aingliu nimi, in n-anmain n-ecráibdig sea ocus tabraid illáim Lucifir día badud ocus día formúchad i fudamain iffr*i*nd tria bithu sír.

20. Is andsin iarom scarthair ind anim thrúag sin co áigthide ocus co hacarb ocus co adúathmar ri frécharcus flatha nime ocus gnussi Dé. Is and da*n* dolléci in n-osnaid as tr*o*mmu cach n-osnaid, ɔc techt i n-gnúis díabail íar n-ascin óibniussa flatha nime. Is and scarthair fri comairge inna n-arcaingel lasa tánic doch*u*m nimi. Is andsin da*n* slucit na dá draic déc thentide cach anmain d'éis a céle,

7 iffr*i*rd *LU.*

[LBr:]

19. Is adbul tra ocus is difaisnéti failti múint*i*ri nime ocus in choimded fessin frisin anmain andsin, mad ennach firián hí. Mad anfíren din ocus mad anforbthi in anim, fogeib anmíne ocus acairbi on choimdid chumachtach. Et dixit fri haingliu nime: Hanc animam multo (*sic*) peccantem angelo Tartari tradite et demergat eam in infernum. Tairngid lib a aingliu nime in anmain n-écraibdig sea ocus aititnid illáim Lúcifir dia bádud ocus dia formúchad i fúdomain if*i*rn co sír.

20. Is and tra scarth*air* in anmain anfechtnaig co haigthigi aduathmar fri frecnarcus fl*atha* nime ocus gnúisi Dé. Is and sin beos scarthar fri comairci na n-árchaingel lasa tucad co ríched. Is and sin do léci in osnaid is truma c*ech* n-osnaid, oc techt i n-gnúis diabuil iar n-aicsin óibniusa múint*i*re nime. Is and sin slucit na dá draic *déc* tentide co nóe (*sic*) déis aroli in anmain, conuslúi uathi in draic iníchtarach

[LU:]
co curend úadi in draic inichtarach i n-gin díabail. Is andsin fogeib comslaintius cacha huilc la frecnarcus díabail tria bithu sír.

21. O ro foillsig thra aingel in choimtechta do anmain Adomnan (*sic*) na fisi sea flatha nimi ocus cétimthúsa cecha hanma iar techt assa curp, ros fuc leis hí iarsin d'insaigid iffirn inichtaraig co n-immud a pían ocus a ríag ocus a thodernam.

Is é iarom cétna tír coso-ránic, tír n-dub n-dóthide, sé folom follscide cen péin and etir. Glend lán di thenid fris anall. Lassar dermár and, co tĕit dar a oraib for cech leth. Dub a ichtur, derg a medón ocus a uachtor. Ocht m-bíastai and, a súli amal bruthu tentidi.

22. Drochet dérmár dan darsin n-glend. Gabaid ond ur co araili, ard a medón, isli immorro a dá n-imechtar. Trí

[LBr:]
i n-gin diabuil. Is andsin tra fógeib comlantius cecha huilc la hesbaid cech maithiusa i frecnarcus múinntire ifirn tria bithu sír.

21. O ro fáillsig tra aingel na coemtechta do anmain Adamnáin na fisi sea flatha nime ocus cetimmtús cecha hanma iar teacht a curp, ruc lais iarsin do atháscnám ifirn inichtaraig co n-immud a pian ocus a thodernam.

Is e tra cetna tír frisa comrancatar, i. tír n-dub n-dorcha, is e folomm foloisthi (*sic*) cen phéin itir and. Glénd lan do thenid ris anall. Lassar ann, co teit dar a hora for cech leth. Dub a híchtar, derg a medon ocus a uachtar. Ocht m-biasta and, a súili amal brutta tentidi.

22. Droichet dermair din darsin n-glend. Gabaid ond ur co araile, ard a medon, ísle immorro a chind. Tri sloig ic a airmirt dia inottacht, ocus ni huili ro segut tairis. Slog díb,

[LU:]
slóig oc airimimirt (*sic*) techta thairis, ocus ní huli ro sagat. Slóg díb, is lethan dóib in drochet o thús co dered, co roichet ógslán cen uamun, cen imecla tarsin n-glend tentide. Slóg aile dan oc á insaigid, cæl dóib ar thus he, lethan immorro fo deóid, co rochet iarom amlaid-sin tarsin n-glend cétna íar mórgábud. In slóg dedenach immorro, lethan dóib ar thús in drochet, (p. 30ª:) cóel ocus cúmung fó deóid, co tuitet día medon isin glend n-gaibthech cétna i m-brágtib na n-ocht m-biast m-bruthach út ferait a n-aittreb isin glind.

23. Is íat lucht díar bo soirb in sét sain, ás óige, ás atrige lere, ás dergmartra dutrachtaige do Dia. Is í dan fairend diar bo chumuc ar thús ocus díar bo lethan fo deóid iarsin in sét, drem timairciter ar ecin do denam thole Dé, ocus soit a n-écin iarsin i toltanche fognoma do Dia. Is dóib immorro ro bo lethan ar thús in drochet ocus díar bo chumung fo deóid, dona pecthacaib, con túaset fri forcetol bréthre Dé ocus ná comaillet iarna clostin.

[LBr:]
is lethan dóib in droichet o thus co deriud, co roichet ógslan cen uamun darsin n-glend téntidi. Slog *aile* tra ic a inottacht, coel dóib ar tús he letan fá deoid, co róichet amal sin darsin n-glend cetnai. In slog dédenach *immorro*, lethan doib ar tús hé, coel tra ocus cumang fa deoid, cu toitet dia medon isin n-glend n-gaibtech cetnái i m-braigtib na n-ocht m-biast m-bruthach ucut ferat a n-aittreb isin glind.

23. Is e tra lín diar ba soirb in set sin, i. oes óigi ocus oes aitrigi léri ocus oes dergmartra dúthrachtaigi do Dia. Is í tra ferend diar bo cumang ar tús ocus diar bo letan iarom in set, i. dreamm timaircther ar écin do dénum toli Dé, ocus soait a n-écin i toltnaigi fognuma don choimdid. Is doib *immorro* ba letan ar tús in droichet ocus cumang bá deoid, i. dona pecdachaib, con tuaiset fri precept bréthri Dé ocus nanascomallat iarom.

[LU:]

24. Atát dan slóig dímóra i n-dichumung hi traig na péne suthaine risin tír n-etordorcha anall. Cachranúair trágid in pían díb, in n-úair aile tic thairsiu. Is iat iarom filet amlaid sin, in lucht dianid comthrom a maith ocus a n-olc. Ocus isin ló brátha midfidir etarro, ocus bádfid a maith a n-olc isind ló sin, ocus bertair iarsin do phurt bethad i frecnarcus Dé tria bithu sír.

25. Atat dan drem mór aile and hi comfocus dond lucht sin, ocus is adbul a pian. Is amlaid iarom atát, i cumriuch fri colomna tentide, muir tened impu connice a smecha, slabrada tentide imma medón fo deilb natrach. Lassait a n-gnússi osin péin. Is iat iarom filet isin phéin sin, pecdaig ocus fingalaig ocus és admillte ecailse Dé ocus airchinnig etrócair bíte ós inchaib martra nannæb for danaib ocus dechmadaib na hecailsi, ocus dogníat dona indmasaib selba sainrudcha sech áigedu ocus aidlicnechu in comded.

[LBr:]

24. Atat din sloig dímora in díchumang na péne frisin tír n-etarfuartha anall. Ocus cechranuair tráigid in pian díb, in uair *aile* toet tairsib. Is iat tra filet isin péin sin, i. in lucht dianid comtróm (*sic*) a maith ocus a n-olc. Ocus illó brátha midfithir eturru, ocus dílegfaid a maith a n-olc isin lo sin, ocus berthar iarom do purtt bethad i frecnarcus gnúsi Dé tria bit sír.

25. Atat tra drem dímor *aile* ann i focus don lucht sin, ocus is adbul a pian. Is amlaid iarom atat, i cuimriuch fri colamnu tentidi. Múr tentidi immpu có a smechu. Slabraid thentidi imma medón fó deilb natrach. Lassait a n-gnúsi isin pén sin. Is iat tra filet isin péin truimm sin, i. fingalaig ocus oes aidmillti eclaisi Dé, i. airchindig etrocair bíti os inchuib martra na noem for dánaib ocus dechmadaib Dé, co n-denait dona hindmusaib selba saindriudacha sech áigedu ocus aidilgnechu in choimded.

[LU:]

26. Atát dan and slóig móra ina sesam do gréss illathachaib círdubaib connice a cressa. Cochaill gerra aigreta impu. Ní anat ocus ní thairiset tría bithu, acht na cressa oca loscod eter úacht ocus tess. Slúaig demna na mórthimchiull, ocus pluic thentide i n-allámaib oc á m-búalad ina cend, ocus siat ic sirthacra fríu. A n-aigthe uile na trúag fo thúaid, ocus gáeth garb goirt ina fíretan mar oen ri cach n-olc. Frassa derga tentide oc ferthain forro cach n-aidche ocus cach lái, ocus ní chumgat a n-imgabail, acht a fulang tria bithu sír oc cói ocus ic dogra.

27. Araile díb, ocus srúama (i. tunni) tened i tollaib a n-gnússe; araili, clúi tened triana tengthaib; araile, tríana cendnaib dia n-echtair. Is iat iarom filet isin phéin sin, i. gataige ocus ethgig ocus és braith ocus écnaig ocus slataige ocus crechaire ocus brethemain gúbrethaig ocus és cosnoma, (p. 30b:) mna aupthacha ocus cánti, aithdibergaig ocus fir

---

[LBr:]

26. Atat tra slóig mora and ina sessam do gres illathachaib duba conice a cressa. Cochaill gerra oigretta immpu. Ni anat ocus ni thoirisit tria bithu, acht a cressa ic a loscud itir fuacht ocus tess. Slóig démna ina mortimchell, ocus pluicc téntidi ina lamaib ic a m-bualad ina cendaib, ocus siat oc sírthaccra friu. A n-aigthi uli na tróg fo thuaid, ocus goeth garb goirt ina n-enech ar oen fria cech n-olc. Frassa derga tentidi ic ferthain forru cech dia. Ní chúmgat a n-imgabail, acht a fulang co sír sír (sic) la cói ocus toirsi ocus dógrai.

27. Araile díb co sruamu tened i tollaib a n-gnúsi, araili co clóthib triana tengthaib, araili co clothib triana cendaib a n-echtair. Is iat tra filet isin pén sin, oes doichli ocus diultada cen serc cen grád Dé accu, gataigi ocus éthig (sic) ocus oes braith ocus écnáig ocus slataigi ocus crechaire, brethemain gúbrethaig ocus oes cosnuma, mná upthacha ocus cáinte, athdíbergaig ocus óes légind frichnait

[LU:]
legind pridchait eris. Atát drong mór aile i n-insib immedón in mara tened. Mur argdidi impu día n-étaigib ocus día n-almsanaib. Fairend trá sin dogníat trócaire cen dichill ocus biit aráide illaxai ocus i téti a collai co crich a m-báis, ocus nos cobrat a n-almsana immedón in mara tened co bráth, ocus fóiditir do phurt bethad iar m-bráth.

28. Atát dan sochaide mór aile and, ocus cassla derga tentide impu co lár. Ro cluinter a crith ocus a ng-gáir fón firmimint. Drong discrútain do demnaib oc á formúchad, ocus coin brena lethoma léo i n-allámaib oc a n-furáil foraib día tomailt ocus día cathim. Rotha derga tentide for sírlasad imma m-brágtib. Bertair súas co firmimint cachranúair, telciter sís i fudamain iffirnd in n-uair aile. Is iat iarom filet isin phéin sin, ács gráid tarmideocatár a n-gráda ocus fúathcraibdig ocus brécaire brécait ocus sæbait na sluagu ocus gabait forro ferta ocus mírbaile nach fétat do dénam dóib.

13 iffird *LU.*

[LBr:]
heris. Atat drong mor *aile* and a n-indsib immedon in mara tened sin. Múir airgidi (*sic*) immpu dia n-étaigib ocus dia n-almsanaib. Ferend tra sin dogniat trocaire cen díchell ocus bít aráidi illaxu ocus i n-dethiti co crich a m-báis, ocus nos cabrut a n-almsanu immedón in mara tened co bráth, ocus fuiditir do purt bethad iar m-bráth.

28. Atat tra sochaide eli and, ocus caslacha derga tentidi impu. Ro cluinter a crith ocus a n-gáir fon firmamint. Ocus drong (p. 255b:) discrutain do démnaib ic a formuchad, ocus coin brena lethoma ina lamaib ic a n-urail foraib dia tomailt. Rotha derga tentidi oc sírlassad ima m-bragait. Berthar suas co firmamint cechránuair ocus telctir sís i fúdomain ifirn in uair *aile*. Nóidin tra ocus maccóim ic a n-athcuma ocus ca letrad do gres di cech aird. Is iat tra filet isin phen sin,

[LU:]
Is iat im*morro* na náidin filet oc á n-athch*u*ma inn ésa graid, i. it é sin in lucht, ro herbad dóib do lesugud, ocus ni ros lesaigset ocus ní ros cairgetár imó pecdaib.

29. Atat da*n* drem d*er*már aile and sair síar doib cen tairisem dar na lecaib tentidib oc cathugud fri slúagaib na n-demna. At lir turim thra frassa na saiget for dérglasad dóib o na demnaib. Tíagait inna rith cen t*ur*bród cen tairsem, co rochet dublocha ocus dubaibne do bádud na saiget sin intib. Atodíuri thrá ocus at trúaga na gáre ocus na golgaire doníat in pheccdaig isna uscib sin, ar is tormach pene ros tá dóib. Is iat trá filet isin phéin sin, cerdda ocus círmaire ocus cennaige esinraice, brethemain gúbretaig na n-Íudaide ocus caich archena ocus ríg ecraibdig, ærchinnig cláin ate colaig, mná adaltracha ocus techtaire nos millet ina mígnimaib. Attá da*n* múr tened fri tír inna pían anall; ad-úathmairiu ocus acairbiu hé fo secht, andá tír na pían

---

[LBr:]
oes gráid tairmdechat*ar* a n-grada, ocus fuathcráibdig ocus brecaire brécait ocus sæbaitt na slógu ocus gabait f*or*ru ferta ocus mírbuli nátcumgat do dénam doib.

29. Drem d*er*máir *aile* and sair siar doib cen tairisium darsna leccaib tentidib oc cathugud fri slogu na n-demnu. At lir tra frassa na soiget for d*er*glasad o na demnaib foraib ocus na rith doib cen turbród cen toirisium, co roichet dublocha ocus dubaibne do badud na soiget sin inntib. At todíuiri tra ocus at trogu na golgaire dogniat na pecdaig isna huscib sin, ar is tórmach péni ros tá de. Is iat tra filet isin phen sin, i. cerda ocus círmaire ocus cendaigi esindricca, br*eth*emain gubrethaig na n-Íudaigi ocus rig écraibdig, airchindig chloincholaig, mná adaltracha ocus techtaire nos millet ina mígnimu, ocus cáinte. Ata din múr tened fri tír na pían anall; aduathmairi ocus accairbe he fo *secht*, oltas tír

---

28 bretheman *LBr.*

[LU:]

fessin. Acht chena ní aittrebat anmand co bráth ár is la demnaib a n-oenur a airichas co lathe m-brátha.

30. Mairg thra fil isna pianaib sin i comaittreb muintire díabail! Mairg nad foichlend in muintir sin! Mairg forsa m-bía do thigernu demon díscir dairmitnech! Mairg bias oc estecht fri guba ocus fri golgaire na n-anmand, oc troge ocus oc nemele frisin comdid im torachtain chucu laithe m-brátha colluath, dús in fugebtáis nach n-etarúarad isind fugiull, ar ni fagbat nach *cu*msanad co brath acht tri úara cach domnaig. Mairg dia m-badognas diles in ferand sin tria bithu sir! Ar

---

[LBr:]

na pian fessin. Acht chena ní aitrebut anmanna co bráth, ar is la démnu a n-oenur a airechus co laa in fuigill.

30. Mairc tra fil isna pianaib sin i comaitreib muint*iri* diabuil! Mairc nateroichligend in múinnter sin! Mairc forsa m-bia do thigernai demun díscir denmn*e*tach! Mairc ca m-bia do thig*e*rnai dub dian demun doescair corrlond golgairi thruag díchumaic toirsi thren cen toirisium sírfuacht ocus accorus at*at* accu bar oen. Mairc bias oc estecht fri guba ocus golgairi ina n-anmand ic trogi ocus oc neméli frisin coimdid im thorachtain chuccu lathi brátha co luath, dús in fuigebtís nách n-etarfuarud isin fuigell, ar ní fagbat cúmsanud co bráth acht tri huari cecha domnaig. Mairc dia m-ba do gnás diles in ferand sin tria bit sír! Is amlaid din ata in maigen sin, ocus slebti tolla delgnecha and, muigi lomma loiscthecha, glenda duba tentidi, tulcha ruada rogarba, lathach dóimne tuilbréna, móinte mora delgnecha, sligthi salcha sírdorcha, féra *ger*a rindaithe, clocha slemnu tenntide, aithe *gir*a altnide, goetha luatha loisctecha, gorti garba gemreta, frasa d*er*ga tentidi, snechta serba sirgnathchi, goirt garb loisctech letartach, dorchu ina dúbgém-riud, fuairiu ina sírsnechtu, teou indat morthenti, serbiu ina neim. Lacha bréna biastaidi, indsi fuara garba goethacha, tolla bréna bruthloisethi. Talum garb gainmigi, osé slemun tuitmendach, se ruad rotaidi, dub dorcha detfadach, cairrech cnocach cruadlasrach, osé aurcrom óigreta co reod, co caisirne am*al* chairrci

[LU:]
is amlaid atá: Slebe tolla delgnecha and, maige loma dan, (p. 31a:) is íat loisethecha, ocus locha bréna bíastaide. Talam garb ganmide, iss e urcrom aigreta. Lecca lethna tentide for a lár. Mara móra co n-ainbthinib adhúathmaraib, ina m-bí aidde ocus aittreb díabail do grés. Cethri srotha dermára dar a lár : sruth tened, sruth snechtaide, sruth néimthe, sruth usci duib dorchai. Is intib-sin nos fotraicet slúaig

5 sroth *LU.*

[LBr:]
tenntidi. Lecca lethna tentidi for lár in muigi sin, siat lasta loisctecha, con loiscfed oenlecc díb in domun uli. Marai mora nemnecha tuilbréna co n-anbthine aduathmair, co n-dracaib, co trillsib tened foraib, co m-biastaib ecsamla archena isin muir sin, co cetri hernailib ecsamlu tened, i. tene dub dóiti detbudach, tene derg duaibsech lemnech letarthách langoirt, tene uaine aduathmar áith goirt ailtnidi, tene ruad rogoirt romor co srothaib nemi. Slébi tened dermári din and, clóthi derga romora rindaithi iarnaide andside, siat cómdluthi comremra comrindaithe comarda, co n-drúcht neme for barr cech oen chlúi, co m-báidfed ocus co loiscfed firu in talman uli neim cech clúi dibside, co n-gáiret slog dermáir dírecra demnu imon anmain n-anfechtnaig, con tairrnget leo in anmain i fúdomain ifirnd. Co sraiglib dergaib tentidib illamaib leo, ocus coin lethoma lánbrena occu ic a n-urail for anmandaib na pecdach, co fuirmed na sraigell tentide sin foraib, co n-gairet ocus co n-grechat ocus connuallat ocus co n-guilet co serb goirt. Ocus is at lana renda nime ocus redlanda ocus firmámint ocus ind uli dúl do nuallguba dermáir dogníat anmanna na pecdach fó lamaib ocus glaccaib inna námut nemmarbda sin, i. diabul cona doescur sluag, ocus co m-berut leo iat iarsin i cnoccaib tentidib ocus i n-glennaib dubaib dorchaib doimnib dermárib detfudachaib, muchna muichnig malartaig ichtaraig ifirn for leccaib lomma loisctecha, for srothaib na tened n-ecsamail ro raidsium. Ar atat cetri srotha dermaire dar a lar, i. sruth tened toebruad, sruth snechta sírruad co leccaib oigreta, sruth neme marbthaigi, sruth usqi dub dorcha domilis, ocus is inntib-sin nos fothraicet sloig dígaire na n-

32 usqus *LBr.*

[LU:]
digair na n-demna a haithle a n-oenaig ocus a n-aniusa oc pianad na n-anmand.

31. In tan trá canait slúaig nóema muint*ir*e nime clasche-tol comchubaid na n-ocht tráth co subach ocus co forbáelid ic molad in chomded, is and sin ferait ind anmand nualla trúaga torsecha oc a tuarcain cen tairisem la drongaib na n-demna. Is iat sin trá na píana ocus na todernama ro follsig aingel in choimtechta do anmain Adomnán (*sic*) iar tascnam flatha nime.

Ro ucad iarsin ind anim la brafad súla triasin n-erdam n-orda ocus triasin fíal n-glainide co tír inna næm; is inti ceta rucad si, in tan conruloi a curp. O ro gab iarom ceill for anad ocus for airiseom isin tír sin, atchúala ina diáid triasin fíal guth ind aingil no forcongrad furre, co n-igs*ed* ar cúlu doridisi cosin corp cetna asa rescomloi, ocus co ro innis*ed* i n-dálaib ocus airechtaib ocus i comthinoltaib léch ocus cle-

---

[LBr:]
demnu aithli a n-oenaig ocus a n-ainiusa oc pianad na n-anmand.

31. In tan tra canait sloig noemda muint*ir*e nime clais-cetul comchubaid na n-ocht trath co subach ocus co forbælid ic morchoimded, is andsin lecat anmanda na pecdach nualla truaga toirsecha ic a tuarcain cen toirisium la drunga na n-demna. Is iat sin na piana ocus na tod*er*numa troma ro foillsig aingel in choemtechta do anmain Adamnain iar n-athascnam fl*ath*a nime. Rucad iarsin in animm la brafad súla trésan erdam n-orda ocus trésan fial (p. 256[a]:) n-gloinide co tír na noem; is i side cetna tír cusa tucad side, in tan ro escomlái asa curp. O rus gab iar*o*m céill for anad ocus for isium (*sic*) isin tir sin, atchuala ina diaid triasin fial sin guth in aingil no forcongrad forri, co ro athcuired doridisi cusin corp *cet*na asa rescomla, ocus co n-indised i n-dálaib ocus

[LU:]
rech focraice nime ocus píana iffirnd, feib ro follsig aingel in cóemtechda di.

32. Is é seo iarom forcetul no gnáthaiged Adomnán dona slúagaib osein immach, céin búi na bethaid. Is é dan no pridchad immórdail fer n-Érend, día ro fuirmed recht Adomnain for Góedelaib, ocus día ro sértha na mna la Adomnan ocus la Fínnachta Fledach, la ríg n-Érend ocus la mathib hErend ar chena. Is é dan cétscel no gnáthaiged Patraic mac Calpuirnd, fochraice nime ocus píana iffirn d'innisain donafíb no chretitis in comdid tríana forcétul ocus no fémtáis a n-anmchardine dó la turcbail soscelai. Is é dan forcetol ba menciu dogníd Petar ocus Pól ocus na apstail archena, i. píana ocus focraice d'innisin, árro faillsigthea dóib fón cuma cétna. Is é dan dorigni Siluester abb Róma do Chonstantín mac Elena do ardríg in domain isin mórdáil, dá ró edpair in Róim do Phól ocus do Phetar. Is é seo dan dorigni Fabian

1 iffird *LU.* 9 Calpuird *LU.*

[LBr:]
ind oirechtaib loech ocus clerech fochraicce múintire nime ocus piana ifirn, feib ros faillsig aingel in choemthechta di.

32. Is e iarom precept no gnathaiged Adamnán, cein búi i m-bethaid. Is e in precept sa din dos gní-sium a mordáil fer n-Erend, dia ro fuirmed recht n-Adamnain for Góedelu, ocus dia ro særtha mná la hAdamnan ocus la Finachta Fledach mac n-Dunchada maic Aeda Slaine, la rig n-Erend ocus la firu Erend ar chena. Ar is cumma tégtis fir ocus mná i cathaib ocus i conghalaib, co fuirmed in rechta sa Adamnáin. Is e tra cetprecept no gnathaiged Pátraic mac Calpraind, focraici nime ocus piana ifirn do indisi dona dóinib no chretitís in coimdid. Is e din ba menciu dogníd

21 fer *LBr.*

[LU:]

comarba Petair do Philip *mac* Gordián do ríg Román, día ro chreit in comdid, ocus dia ro chretset ilmíle aile in n-úair sin. Iss e *sede* cétrí do Rómánchaib ro chreit in slánicid (p. 31^{b}:) Isu Crist.

33. Is é seo scél gnáthaiges hÉli do innisin do anmand na firén, ocus sé fó chrund bethad hi párdus. Ónd úair iarom oslaices hÉli in lebor do forcetol na n-anmand, tecait andsin anmand inna firén irrechtaib én n-glégel chuce do cach aird. Innisid dóib dan ar thús focraice inna fírén, óibnius ocus airera flatha nime, ocus at forbælti-seom in n-airet sin. Innisid im*morro* doib iarsin píana ocus todernama iffirn ocus erbada lathe bratha, ocus is follus co mór gné m-broin fair-seom fessin ocus for Enóc, conid íat-sin da brón flatha nime. Ísadaid hÉle iarsin in lebor, ocus ferait ind eóin nuallguba dermar

---

[LBr:]

Petur ocus Pol ocus na hapst*ail* noemu archena. Is e so din *p*recept doroine Siluestar abb Roma do Chonsatin *mac* Helena do rig in domain isin mordáil, dia ro hídpair in Róim do Petur ocus do Pol.

33. Is e so din *p*recept gnathaigeas hElii do anmandaib na fírian, ocus se fo chrúnd bethad i parthus. On uair tra oslaices hElii in lebor do *p*recept, tecait andsin anmand ina fíren i rechtaib én n-gel chuice di *c*ech aird. Indisid tra doib ar tús focraice na fíren, óibnius ocus airera fl*a*th*a* nime, ocus it forbailtig-sium in airet sin. Indisid *immorro* doib iarsin piana ocus tod*er*nama if*ir*n ocus érbadu lathi brátha, ocus is follus co mor fair-sium gné m-bróin ocus tóirsi and sin ocus for Enócc, conid iat-sin da brón fl*a*th*a* nime. Laaid hElii iarsin uad lebor in *p*recepta, laait *immorro* ina heoin nuallguba n-d*er*máir estib in tan sin ocus tendait a n-eti fria

[LU:]
ind úair sin ocus tennait a n-ette fria curpu, co tecait srotha fola estib ar ómun pían n-iffirnd ocus lathe brátha.

34. In tan iarom is iat anmand inna néim díanid erdalta síraittreb flatha nimi, dogníat in guba sin, bá dethbiri do dainib in domain, cíamtis déra fola, dognetís oc crochill lathi brátha ocus píaṅ n- iffirnd. Is and sin icfas in comdiu a chommáin féin fri cach n-duni isin domun, i. fochraice dona fírenaib ocus píana dona pecdachaib. Cuirfitir iarum amal sin in pecdaig i fudamain péne suthaine forsa n-íadfa glas brethre Dé fó míscaid bretheman brátha tri bith sír. Bértair immorro ind náim ind fíreóin lucht na deirce ocus na trócairi for deis Dé do bithaittreb flatha nimi, i. áit i m-biat isin mórglóir sin cen és cen urchra cen crích cen forcend tria bithu sír.

[LBr:]
corpaib, co tecait srotha fola estib ar uamun pian ifirn ocus lathi brátha.

